Folúntas: Bainisteoir Cumarsáide

Is é An Foras Pátrúnachta an pátrún is mó ar ghaelscoileanna in Éirinn. I mbliana, beidh 17,000 dalta ag freastal ar ár 79 scoil ar fud na tíre. Is mian linn duine fuinniúil, cumasach a cheapadh a chuirfidh teachtaireachtaí na heagraíochta agus saothar ár scoileanna i mbéal an phobail.

Dualgais:

- Plean Cumarsáide spriocdhírithe a ullmhú agus a chur i bhfeidhm
- Ár spriocphobail a aithint agus príomhtheachtaireachtaí na heagraíochta a chur i bhfeidhm orthu
- Lucht leanúna na heagraíochta agus a rannpháirtíocht a mhéadú ar na meáin shóisialta uilig
- Tionscnaimh i gcomhpháirt lenár scoileanna a reachtáil
- Físeáin a thaifead agus a chur in eagar le roinnt ar na meáin
- Caidrimh a chothú le hiriseoirí, scairsealbhóirí agus eile
- Labhairt leis na meáin mar urlabhraí na heagraíochta
- Preasráitis a scríobh agus clúdach leathan ar mheáin áitiúla agus náisiúnta a chinntiú

Cáilíochtaí inmhianta:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhairt agus scríobh (Cáilíocht TEG ina bhuntáiste)
- Cáilíocht 3ú leibhéal sa Chumarsáid / sna hIlmheáin nó taithí / scileanna sa réimse seo chomh maith leis na scileanna cuí ríomhaireachta a bhaineann leis an bpost

Conradh 2 Bhliain atá i gceist. Beidh an tuarastal ag brath ar thaithí, scileanna & cáilíochtaí an té a cheapfar.

Tá ceanncheathrú AFP lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh meascán d'obair oifige sa cheanncheathrú agus cianobair i gceist.

Iarratais:

Seol c.v. agus litir iarratais ar ríomhphost go caoimhin@foras.ie faoi 5i.n. ar an 18/06/2021.